


# *Tréadlitir faoin Neach Daonna atá Fós Gan Breith*

*ón*

*Ardeaspag Micheál Ó Néaraí*

*Ardeaspag Thuama*

## *Cumhdú na Máthar agus an Linbh*

Ní féidir cur síos a dhéanamh i bhfocla ar an gceangal uasal daonna atá idir máthair agus a leanbh. Is caidreamh ón gcroí é atá idir an bheirt, ach go mbíonn sé roinnte le chuile dhuine eile freisin. Tá brí ar leith agus gliondar ag baint le máthair agus a páiste a fheiceáil. Tá áilleacht agus laige le feiceáil sa mbeatha seo. Ach tá ní mó i gceist. Tá baint ag páiste leis an saol amach romhainn. Is toradh é a thagann as an dóchas. Is é an lá amarach é ar fáil cheana fhéin.

Tá fhios againn ar fad an gliondar agus an ríméad a bhíonn ann ar chloisteáil go bhfuil bean ag súil le páiste. Is mór idir é sin agus an imní agus an faitíos a bhíonn ar mhná a thuigeann go bhfuil said ag iompar gan súil leis agus iad gan muinín, gan misneach, gan tacaíocht. Gan tacaíocht, b'fhéidir, agus iad faoi imní agus gan tuiscint acu ar an gcinneadh atá á dhéanamh acu agus an toradh a bhíonn air, socraíonn said ar ghinmhilleadh a fháil. Is tubaiste é seo ar go leor bealaí; i dtosach bás an pháiste agus ansin na fadhbanna a bhíonn ag go leor mná tar éis ginmhilleadh. Agus is é an trua ar fad go mbíonn réiteach eile ar an scéal go minic ach é a lorg, mar shampla, cúram a dhéanamh don pháiste agus an mháthair. Tá mé cinnte go bhfuil gasúir beo inniú de bharr daoine a chuir iad féin ar fáil agus a chuir tacaíocht agus cúnamh ar fáil don mháthair agus don naíonán ina broinn. Faraor nár tharla sé níos minicí.

## *Croí-lár na Ceiste – Saol Neamh-urchóideach a Mharú*

Ciallaíonn ginmhilleadh go gcuirtear deireadh le saol duine in aon turas. Sin é an bunphointe anseo. Má éisteann tú leis an argóint atá ar siúl faoi láthair ar shon ginmhillte feicfidh tú go bhfuil iarrachtaí móra á ndéanadh dallamullóg a chur ar dhaoine faoin bpointe seo agus aird dhaoine a tharraingt uaidh. Tá sé seo le feiceál, mar shampla, sa gcasadh atá á chur ar 'Pro-Life' le go gciallódh sé beatha a scrios. Labharann cuid acu faoi go mb'fhéidir go bhfuil duine beo i gceist ach ní luann said ar chor ar bith go bhféadfadh an bheocht seo teacht chun foirfeachta. Bíonn cuid eile ag caint faoi ghinmhilleadh a dhéanamh 'sábháilte'. Maraíonn ginmhilleadh duine. Ní bhíonn sé ariamh sábháilte. Cé go mbíonn cásanna truamhéalacha ann, mar sin féin, bíonn sé an-deacair srian a chur le ginmhilleadh. Éiríonn daoine cleachtaithe leis. Rud a mholadh i dtosach mar réiteach ar fhadhb, iompaíonn sé amach mar ghnáthrud le déanamh. Cruann ár gcroí. In áit a bheith fáilteach roimh bheatha nua éiríonn muid 'ciallmhar' mar dhea, agus fadbhreathnaíoch.

## *An Dualgas Atá Orainn an Bheatha a Chaomhnú*

Ach tá dualgas ar an Eaglais, cé go bhfuil sí náiríthe ag a cuid peacaí féin, labhairt amach ar a son sin nach bhfuil in ann labhairt. Go háirithe caithfidh sí labhairt ar a son sin atá gan locht ach nach bhfuil fáilte rompu. B'fhéidir go bhfuil easpa misnigh orainn ós comhair an tsaoil, ach tá dualgas orainn freisin. Mar bhaill den eaglais tá dualgas orainn an bheatha a choinneál faoi mheas, cosaint agus grá a thabhirt di agus í a shábháil. Caithfidh muid cultúr na beatha a chur chun cinn in áit cultúr an bháis atá faoi mheas sa saol 'forbartha'. Agus creideann muid freisin go bhfuil an dualgas céanna ar gach duine eile sa saol.

Faoi láthair tá bunreacht na tíre seo cuimsitheach agus dá réir sin déantar iarracht ann a chinntiú go gcaitear go cothrom le gach duine maidir le aois, ábaltacht, inscne, nó céim shóisialta. Ní dhéanann muid aon idirdhealú idir daoine faoi láthair. Mar gheall air sin tugann an tOchtú Leasú den dlí cosaint do dhaoine ar chumais éagsula. Ní shocraíonn muid cé aige a bhfuil cead maireachtála agus cé aige nach bhfuil. Anois tá daoine ag iarraidh an ceart bunúsach seo, an ceart maireachtála, a bhaint den chuid is laige inár measc. Níl an díospóireacht atá ann faoi láthair ag plé leis an mbaint atá idir creideamh agus polaitíocht. Ach tá sé ag plé leis an dlí bunúsach atá againn mar dhaoine agus a nglacann muid leis— nach féidir a cheadú go gcuirfí chun báis aon duine atá neamhchiontach. Tá an ceart seo chun na beatha chomh bunúsach sin go dtuilleann sé cosaint ón sochaí agus ón stát.

Tá an ceart seo chun na beatha níos bunúsaí ná aon cheart eile mar gur air atá gach ceart eile bunaithe. Creideann an Eaglais Chaitliceach, in éineacht le Críostaithe as Eaglaisí eile agus leis an traidisiún a bhaineann leis an gcine daonna nach ceadódh aon duine atá neamhchiontach a chur chun báis ó ghintear sa mbroinn é go bhfaigheann sé bás nádúrtha. Is sa mbroinn is lú atá cosaint ag an duine agus is ann ba cheart gach cosaint a bheith le fáil.

## *Árd-mheas ar Saol na Máthar*

Cuireann an mháthair ar fáil, istigh ina colainn féin, áit cónaithe don pháiste. Buíochas le Dia, tá tuiscint níos fearr againn anois, de bharr dul chun cinn na heolaíochta, ar shaol an pháiste sa mbroinn. Ach tá fhios ag mná, le linn dóibh a bheith ag iompar, go bhfuil lúcháir agus buíochas i gceist i dteannta le fulaingt agus féin-íobairt. Uaireanta bíonn deacrachtaí ann a bhaineann leis an máthair agus an páiste. Sa gcás seo tá sé tabhachtach

soiléiriú a dhéanamh ar ghné áirithe de theagaisc na hEaglaise a ndéantar léiriú bréagach air. Ní abraíonn an Eaglais Caitliceach gur cheart tús áite a thabhairt do shaol an linbh in áit saol na máthar. Má tá roghnú le déanamh ó thaobh cúrsaí de, i gcás go bhfuil contúirt ar an máthair, is ceart an mháthair a shábháil fiú má bhíonn bás an linbh mar thoradh air.

Tá sé de cheart agus de dhualgas ar an Eaglais dul i gcionn ar dhaoine le aird a thabhairt ar an gceart bunúsach daonna seo. Tá sé de dhualgas é seo a dhéanamh ach meas a bheith againn ar dhaoine nach n-aontaíonn linn — ár ndearcadh a léiriú ar gach bealach atá dleathach, síochánta agus de réir réasúin. Déanann muid iarracht mar eaglais tacú ní amháin leo sin atá ag smaoineamh ar ghinmhilleadh a dhéanamh ach le mná a raibh ginmhilleadh acu roimhe seo.

Tá dúthracht seo na heaglaise ar son na beatha le féiceáil ina trua dóibh sin a bhfuil aiféala orthu mar go raibh ginmhilleadh acu; ina tuiscint de na deacaireachtaí atá roimh dhaoine agus sa gcabhair a thugann sí dóibh sin a roghnaíonn beatha. Léiríonn obair CURA an comhthuiscint agus an cúram atá ag an Eaglais do gach bean a bhfuil deacrachtaí aici agus í ag iompar. Tá seirbhísí CURA le fáil ar *www.cura.ie* agus is féidir dul i dteangmháil le CURA ar *1850 622626* agus ar ríomhphost *curacares@cura.ie*

## *An Fáth a Roghnaíonn Muid an Bheatha*

Má tá muid ag plé rud chomh bunúsach leis seo ní féidir linn difríocht a bheith idir an rogha a dhéanann muid agus ár gcreideamh. Deimhníonn ár gcreidimh an fhírinne bhunúsach a bhfuil gach ceart daonna agus fiú amháin todhchaí an chine daonna ag brath air: go bhfuil áilleacht ag baint le gach beatha dhaonna, go bhfuil gach beatha luachmhar agus go bhfuil an bheatha dhaonna coisricthe. Cruthaíodh gach beatha dhaonna i gcosúlacht Dé. Nuair a bhíonn beatha nua ós ár gcomhair, ní bagairt atá ann ach gealltanas. Ní dhiúltaíonn muid fáilte a chur. Críochnóidh mé mar sin ag iarraidh ar gach duine — roghnaigh an bheatha.

✠*Micheál Ó Néaraí,* Ardeaspag Thuama
Márta 2018